| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú don Nollaig?<br>*Bhí mé ag ...*<br>*Chuaigh mé go (dtí an) ...*<br>*Chonaic mé ...*<br>*D'ith mé ...* | What did you do for Christmas?<br>*I was at …*<br>*I went to (the) …*<br>*I saw …*<br>*I ate …* |
| **2.** | Cén féile is fearr leat? | Which holiday is your favorite? |
| **3.** | An itheann tú aon bhia speisialta le haghaidh ceann de na féilte? | Do you eat any special food for one of the holidays? |
| **4.** | Cad is maith leat a dhéanamh nuair a bhíonn lá saoire agat? | What do you like to do when you have a holiday? |

## An Geall (Liam Mac Uistín) — The Bet

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ar oíche Fhéile Bríde téann na cailíní óga thart leis an mbrídeog ó theach go teach. | On St. Bridget's Eve the young girls go around with the „Bridget doll" from house to house. |
| 2. | Tugann na daoine airgead dóibh. | People give money to them. |
| 3. | Bíonn siad gléasta i gcaoi nach mbíonn aithne ag éinne orthu. | There are dressed so that nobody recognizes them. |
| 4. | Nuair a théann siad isteach i dteach tosaíonn siad ag damhsa agus ag gabháil amhráin. | When they go into a house they begin dancing and singing a song. |
| 5. | Ar lá Fhéile Bríde déanann na daoine crosa de thuí agus crochann siad iad ar an taobh istigh de na doirse agus ansin coinníonn siad iad i dtaisce. | On St. Bridget's Day people make crosses of straw and hang them inside of the doors and then they keep them hidden. |
| 6. | Bíonn go leor crosa ag cuid de na daoine mar coinníonn siad iad ó bhliain go bliain. | Some of the people have a lot of crosses because they keep them from year to year. |
| 7. | Ar lá Fhéile Pádraig cuireann na daoine seamróga ar a gcótaí in onóir do Naomh Pádraig. | On St. Patrick's Day people put shamrocks on their coats in honor of St. Patrick. |
| 8. | Ar an dara lá d'Fheabhra bíonn lá Fhéile Muire na gCoinneal. | The second day of February is Candlemas. |
| 9. | Beannaíonn na sagairt coinnle ar an lá sin. | The priests bless candles on that day. |
| 10. | Bíonn an Inid ann ó Nollaig go dtí Máirt na h-Inide. | Shrovetide is from Christmas to Shrove Tuesday. |
| 11. | Ar Máirt na h-Inide bíonn féasta mór ag na daoine roimh an Carghas agus bionn damhsaí ar siúl. | On Shrove Tuesday the people have a big feast before Lent and there are dances. |
| 12. | Bíonn an Carghas ann ó Céadaoin na Luaithrigh go dtí Satharn na Cásca. | Lent is from Ash Wednesday to Easter Saturday. |

| | | |
|---|---|---|
| 13. | Ar Domhnach na Cailce bíonn na daoine ag cur cailce ar na daoine nach mbíonn pósta. | On Chalk Sunday people put chalk on people who are not married. |
| 14. | Ar Aoine an Chéasta téann na daoine go dtí an séipéal uair éigin idir dó dhéag an chlog agus trí a'chlog. | On Good Friday people go to the chapel some time between twelve o'clock and three o'clock. |
| 15. | Bíonn na daoine ag troscadh sa Charghas. | People fast in Lent. |
| 16. | Ar Dhomhnach Cásca bíonn féasta ag na daoine. | People have a feast on Easter Sunday. |
| 17. | Bíonn an féasta sin acu mar chuimhneamh ar an lá a d'aiséirigh Íosa Chriost ó mhairbh. | They have this feast as a remembrance of the day that Jesus Christ rose from the dead. |
| 18. | Itheann na daoine uibheacha ar an lá sin. | People eat eggs on that day. |
| 19. | Deirtear go mbíonn an ghrian ag damhsa ar mhaidin Dhomhnaigh Cásca. | They say that the sun dances on Easter Sunday morning. |
| 20. | Bíonn lá saoire bainc ar Luan Cincíse. | There is a bank holiday on Whit Monday. |
| 21. | Tá nós ag na cailíní óga éirí sula mbíonn an drúcht imithe den fhéar ar lá Bealtaine agus a n-éadain a ní leis an drúcht mar deirtear go mbeidh a n-éadain go h-álainn ar feadh na bliana, má níonn siad a n-éadain leis an drúcht. | The young girls have a custom of rising early before the dew is gone from the grass on May Day and washing their face with the dew because they say that their faces will be beautiful for the year, if they clean their faces with the dew. |

| | | |
|---|---|---|
| 22. | Lasann na daoine tinte móra ar oíche lá Fhéile tSin Sheáin agus tógann siad fóid as na tinte agus cuireann siad sna páirceanna iad. | The people light big fires on St. John's Eve and they take sods from the fires and the put them in the fields. |
| 23. | 'Sé an fáth a gcuireann siad na fóid sna páirceanna ná mar síleann siad go mbeidh na barraí go maith nuair a chuireann siad píosa den tine sna páirceanna. | The reason they put the sods in the fields is that they think that the crops will be good when they put a piece of the fire in the fields. |
| 24. | Ar an ceathrú lá is fiche de Mhí an Mheithimh a bhíonn lá Fhéile tSin Sheáin. | On the twenty fourth of June is St. John's Day. |
| 25. | Ar lá Fhéile Mhuire téann na daoine go dtí Tobar Mhuire atá i mBaile Átha an Rí. | On Assumption Day people go to Lady's Well in Athenry. |
| 26. | Bíonn lá Fhéile Mhuire ar an cúigiú lá déag de Lúnasa. | Assumption Day is the fifteenth of August. |
| 27. | Ar lá Fhéile Míchil maraíonn na daoine gé i n-onóir do Naomh Mícheál. | On Michaelmas people kill a goose in honor of St. Michael. |
| 28. | Bionn lá Fhéile Míchíl ar an naoú lá is fiche de Mheán Fómhair. | Michaelmas is on the twenty ninth day of September. |
| 29. | Ar an t-aonú lá déag de Mhí na Samhna a bhíonn lá Fhéile San Mártain. | On the eleventh of November is Martinmas. |
| 30. | Ar an lá sin maraíonn na daoine coiligh agus cuireann siad a gcuid fola thart timpeall na dtithe. | On that day, people kill roosters and put their blood around the house. |

| | Ceisteanna | Questions |
|---|---|---|
| 1. | Cad a dhéanadh na cailíní ar lá Fhéile Bríde? | What would the girls do on St. Briget's day? |
| 2. | Cad a dhéanadh daoine ar lá Fhéile Bríde? | What would people make on St. Briget's day? |
| 3. | Cad a chaitheadh daoine ar Lá Fhéile Pádraig? | What would people wear on St. Patrick's Day? |
| 4. | Cathain a bhíodh Lá Fhéile Muire na gCoinneal? | What was Candlemas? |
| 5. | Cad a dhéanadh daoine ar Dhomhnach na Cailce? | What would people do on Chalk Sunday? |
| 6. | Cad a dhéanadh daoine sa Charghas? | What would people do in Lent? |
| 7. | Cad a itheadh daoine ar Dhomhnach Cásca? | What would people eat on Easter Sunday? |
| 8. | Cad a dhéanadh daoine oíche lá Fhéile tSin Sheáin? | What would people do on St. John's Eve? |
| 9. | Cad a bhíonn ar an cúigiú lá déag de Mhí Lúnasa? | What is on the fifteenth of August? |
| 10. | Cad a mharaítear ar lá Fhéile Míchil? | What do they kill on Michaelmas? |
| 11. | Cad a dhéanadh daoine ar lá Fhéile San Mártain? | What did people do on Martinmas? |
| 12. | An mbíonn tusa ag ceiliúradh aon cheann de na feilte seo? | Do you celebrate any of these holidays? |